# PÁDRAIC Ó MEARDHA

Speireadh na mBó

Stracadh sgine nó corráin a thabhairt dom fhéith sa speir. Nuair a gearrtar an féith tá sé ó leigheas. D'fhágadh an speireadh neart feola ag na daoine. Bhíodh an speireadh ar siubhal céad bliain ó shoin agus níor goire dúinn anuas.

Ceithre sgór bliain ó shoin bhíodh robálaithe ag goid caorach. Is minic a bhí ar fhear a chuid caorach a chuir sa sgioból san oidhche agus fanacht a tabhairt aire dóibh. Caoirigh a bhíodh a dul i mbradghail agus gan fios ag fear an talamh cé leis iad chuirfeadh sé seithín ar mhásadh na caorach le n-a suaimneadh. Mharbhóchadh an seithín i nachar gearr í. Séard is seithín ann ceanglachán timcheall ar ceathramha deiridh na caorach. Atann an cheathramha ar dha thaobh an tseithín.

25

Buaithrín ceanglachán treasna ar na cosa tosuigh
Longard
Seithín
Cruimnasg
Braighdán
Buarach
Adhastar
Ceannrach
Caoch Cheannrach  Winkers
Glas snaidhim dhá snaidhim in agha a chéile
Chuachóg snaidhim reatha
Snaidhim na  bpéist